Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2018
# SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT

# GNÁTHLEIBHÉAL

**Scéim Mharcála** agus **Nótaí Tacaíochta**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach sampla de fhreagraí féideartha.

- I gcuid mhaith cásanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí sna nótaí tacaíochta a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus sa chomhthéacs ceart agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

***INNÉACS NA gCEISTEANNA***


| Uimhir | Ábhar | **Lch (lgh)** |
|---|---|---|
| | | |
| | Achoimre ar Leithroinnt na Marcanna | **3** |
| | Roinn A | **4 - 8** |
| | Roinn B | |
| 1 | Iomaíocht Fhoirfe agus iomaíocht i réimse na n-aerlínte ísealchostais | **9 - 10** |
| 2 | Áirgiúlacht, Éileamh agus an Cháin ar Shiúcra | **11 - 13** |
| 3 | Tosca Táirgeachta, Costais agus Ioncam, an Ráta Íosphá | **14 - 15** |
| 4 | Airgead, Coigilteas agus Modhanna Íocaíochta Neamhairgid | **16 - 18** |
| 5 | Buiséadú an Rialtais, Cánachas agus Infheistíocht san Oideachas | **19 - 22** |
| 6 | An tIoncam Náisiúnta, Cuideachtaí Ilnáisiúnta agus Forbairt thar Sáile | **23 - 28** |
| 7 | Trádáil agus Brexit | **29 - 31** |
| 8 | Fostaíocht, scor agus easpa dídine | **32 - 34** |

**Achoimre ar Leithroinnt na Marcanna**
**ROINN A (100 marc)**

| Ceist | Marcanna |
|---|---|
| 1 | 9 (3+3+3), (2+1+1), (1+1+1) |
| 2 | (i) 3 @ 4<br>(ii) 4 |
| 3 | 2 @ 6 agus 2 @ 2 |
| 4 | (i) 10<br>(ii) 6 |
| 5 | 4 @ 4 |
| 6 | (i) 8<br>(ii) 9 |
| 7 | (i) 8<br>(ii) 9 |
| 8 | (i) 8<br>(ii) 3 @ 3 |
| 9 | (9 + 4 + 4) |

**Roinn B**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1(a)<br><br>1(b)<br>1 (c) | (i) 5 @ 4<br>(ii) 2@5<br>3 @ 7<br>3 @ 8 | 5 (a)<br><br><br>5 (b)<br><br><br>5 (c) | (i) 6 (3+3)<br>(ii) 6 (3+3)<br>(iii) 2 @ 6 (3+3)<br>(i) 3 @ 3<br>(ii) 3 @ 3<br>(iii) 2 @ 6<br>(i) 7<br>(ii) 2 @ 7 (4+3) |
| 2 (a)<br><br><br>2 (b)<br><br><br>2 (c) | (i) (5 + 5)<br>(ii) 3@4<br>(iii) (1+2)<br>(i) 7<br>(ii) 6<br>(iii) 2@ 6 (3 + 3)<br>(i) 2 @ 5<br>(ii) 3 @ 5 | 6 (a)<br><br>6 (b)<br><br><br>6 (c) | (i) 5 @ 2<br>(ii) 10<br>(i) 2 @ 5<br>(ii) 2 @ 5 (3+2)<br>(iii) 1 @ 5 (3+2)<br>(i) 2 @ 5<br>(ii) 2 @ 5<br>(iii) 2 @ 5 |
| 3 (a)<br>3 (b)<br><br><br>3 (c) | 3@8 (3 + 2 + 3)<br>(i) 3@ 4<br>(ii) 6<br>(iii) 2 @6 (4+2)<br>3@7 (4+3) | 7 (a)<br><br>7 (b)<br><br><br>7 (c) | (i) 6<br>(ii) 3 @ 6 (3+3)<br>(i) 2 @ 6<br>(ii) 2 @ 3<br>(iii) 2 @ 6<br>(i) 8<br>(ii) 2 @ 3<br>(iii) 1 @ 7 (4+3) |
| 4 (a)<br>4 (b)<br><br>4 (c) | 3 @ 7 (2+5)<br>(i) 2@6 (3+3)<br>(ii) 2@6 (3+3)<br>(i) 2 @ 6<br>(ii) 3 @6 | 8 (a)<br><br>8 (b)<br>8 (c) | (i) 3<br>(ii) 3 @ 9 (5+4)<br>4 @ 6<br>(i) 1 @ 7<br>(ii) 2 @ 7 ( 4 +3) |

# Roinn A

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| 1 | 1. Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? Scríobh **gach** freagra sa spás cuí. | (3+3+3)<br>(2+1+1)<br>(1+1+1) |

| | |
|---|---|
| **OTN *(GNP)*** | Olltáirgeacht Náisiúnta |
| **PIT *(CPI)*** | Praghasinnéacs Tomhaltóirí |
| **POS *(CSO)*** | An Phríomh-Oifig Staidrimh |

**2** Sa léaráid thíos taispeántar gnólacht **Monaplachta** atá i gcothromaíocht fhadtréimhseach.

(i) Scríobh i bhfocail (agus ní mar ghiorrúcháin) **lipéad iomlán** gach ceann de na línte atá uimhrithe ó 1 go 3.
Bain úsáid as an bhfreagarbhosca atá curtha ar fáil. — **3 x 4**

**Bosca Freagraí**

| Uimhir | Lipéad Iomlán | Marcanna |
|---|---|---|
| 1 | **Costas imeallach** | **4** |
| 2 | **Meánchostas** | **4** |
| 3 | **Meánioncam** | **4** |

(ii) D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt gnólachtaí ag iarraidh dul isteach i dtionscal **monaplachta** ach go mbeadh bacainní ar iontráil rompu.
Tabhair breac-chuntas ar bhacainn **amháin** ar iontráil a d'fhéadfadh a bheith rompu. — **1 x 4**

- D'fhéadfadh an **rialtas** an ceart aonair a bhronnadh ar chuideachta chun earra nó seirbhís a sholáthar.
- Bronnfaidh **paitinn / cóipcheart** an ceart aonair ar ghnólacht maidir le próiseas áirithe déantúsaíochta le haghaidh tráchtearra áirithe.
- **D'fhéadfadh gnólachtaí comhaontuithe trádála a dhéanamh** le soláthraithe eile, i.e. dul i gclaonpháirt leo, ionas nach mbeadh aon ghnólacht eile in an tráchtearra a sholáthar do chuid áirithe den mhargadh.
- **D'fhéadfadh cuideachta an ceart aonair a bheith aici chun na hamhábhair ar fáil** agus tríd sin, a bheith ina monaplacht sa mhargadh áirithe sin, e.g. cuideachta sirtheoireachta ola.
- I gcás roinnt tionscal **bíonn an caipiteal a theastaíonn lena mbunú sa tionscal sin chomh mór sin** nach féidir ach leis an gcuideachta ar féidir léi an caipiteal riachtanach a bhailiú feidhmiú sa mhargadh.
- **Trí chumasc a dhéanamh le hiomaitheoir nó tríd an iomaitheoir a cheannach amach**, is féidir le gnólacht a bheith mar sholáthraí monaplachta sa tionscal sin.

***Tabhair breac-chuntas: bíonn abairt iomlán de dhíth mar fhreagra ón iarrthóir ionas go mbronnfar marcanna iomlána air***

<table>
<tr><th>C</th><th>Freagraí féideartha</th><th>Uas Mharc</th></tr>
<tr><td>3</td><td>Imríonn roinnt de na tosca thíos tionchar ar an tsoláthair ag gnólacht áirithe.<br>Scríobh Fíor nó Bréagach i ndiaidh gach ceann de na habairtí seo a leanas.<br><br>
<table>
<tr><th></th><th>ABAIRT</th><th>FÍOR nó BRÉAGACH</th></tr>
<tr><td>(i)</td><td>Praghas an earra féin.</td><td>Fíor</td></tr>
<tr><td>(ii)</td><td>Leibhéal ioncaim an tomhaltóra.</td><td>Bréagach</td></tr>
<tr><td>(iii)</td><td>Costas ámh-ábhair an ghnólachta.</td><td>Fíor</td></tr>
<tr><td>(iv)</td><td>Staid theicneolaíocht táirgeachta an ghnólachta.</td><td>Fíor</td></tr>
</table></td><td>2 x 6<br>&<br>2 x 2</td></tr>
<tr><td>4</td><td>Ainmnigh eacnamaí a ndearna tú staidéar air agus tabhair breac-chuntas ar rud amháin a chuir an duine seo le teoiric na heacnamaíochta<br><br>
(i) Ainm an eacnamaí:<br><br>
Adam Smith / Thomas Malthus / David Ricardo / Karl Marx / John Maynard Keynes / Milton Friedman<br><br>
(ii) Rud amháin a chuir an duine sin le teoiric na heacnamaíochta.<br><br>
Adam Smith<br><br>
Ar thóir an fhéinleasa<br>
Saothar a roinnt - Táirgiúlacht mhéadaithe agus saibhreas tíre.<br>
Teoiric Saothair an Luacha - B’ionann luach míre agus an méid saothair a úsáideadh chun an táirge a tháirgeadh.<br>
Ráthaítear cosaint an stáit ar chearta réadmhaoine.<br>
Feidhmíonn saormhargadh mar gheall ar ‘lámh na hiomaíochta dofheicthe’.<br>
Iomaíocht Fhoirfe - d’fhorbair sé an struchtúr margaidh seo.<br>
Laissez-faire - níl aon chosaint ag idirghabháil an rialtais sa gheilleagar, seachas cosaint/ceartas.<br>
Prionsabail an Chánachais - cothromas, barainneacht, cinnteacht agus áisiúlacht.<br>
Paradacsa an Luacha - rinne sé idirdhealú idir ‘luach in úsáid’ agus ‘luach i malartú’.<br>
Saorthrádáil - b’fhearr leis an trádáil idirnáisiúnta gan taraifí etc.<br><br>
Thomas Malthus<br><br>
Teoiric ar dhaonra agus soláthar bia:<br>
Luaigh Malthus go dtagann méadú ar an daonra de réir seicheamh iolraíoch agus go dtagann méadú ar sholáthar bia de réir seicheamh uimhríochtúil. Dá bhrí sin sháródh an daonra an fléas beatha.<br><br>
David Ricardo<br>
Leagann Dlí an bhuntáiste chomparáidigh síos an fáth ar chóir do thíortha trádáil a dhéanamh.<br>
D’fhorbair sé teoiric an chíosa eacnamaíoch.<br>
D’aontaigh sé le teoiric phá caolmhaireachtála Malthus.</td><td>10<br><br>6</td></tr>
</table>

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| 4 | **Karl Marx**<br><br>**Teoiric Saothair an Luacha -** B'ionann luach earra agus an costas saothair a theastaigh chun an t-earra sin a tháirgeadh.<br>**Dáileadh brabús caipitlithe -** ath-infheistíonn caipitlithe in innealra nua rud a laghdaíonn an t-éileamh ar shaothar<br>**Éabhlóid an Chumannachais** - téann líon na bhfostóirí i laghad. Tagann fás ar líon na ndaoine dífhostaithe agus eagraíonn siad iad féin. Tarlaíonn éabhlóid agus glacann oibrithe smacht ar an tsochaí.<br>**Dúshaothrú saothair i gcóras caipitleach -** d'áitigh sé gur íoc na fostóirí pá caolmhaireachtála leis na hoibrithe<br>ach go raibh luach na n-earraí a rinne oibrí níos mó ná an pá a íocadh leis an oibrí. | |
| | **John Maynard Keynes**<br><br>**D'fhéadfadh sé go mbeadh an tIoncam Náisiúnta níos lú ná lánfhostaíocht.**<br>**Braitheann an t-aschur ar an éileamh** - braitheann méid an ioncaim náisiúnta ar chaiteachas i.e. $C = I + G + X - M$<br>**B'fhearr leis idirghabháil an rialtais sa gheilleagar.**<br>**Braitheann cinntí infheistíochta a dhéanann fiontraithe ar an ionchas atá acu don todhchaí, ná ar an ráta úis.**<br>**D'fhéadfadh sé go ndéanfaí níos lú infheistíochta ná coigiltis agus go mbeadh sileadh ann mar thoradh air sin.**<br>**D'fhorbair sé coincheapa nua eacnamaíocha amhail an t-iolraitheoir.**<br>**D'fhorbair sé teoiric na tosaíochta don leachtacht–** coinníonn daoine airgead mar gheall ar: chúiseanna beartaíochta; réamhchúraim agus amhantracha.<br><br>**Milton Friedman**<br><br>**Polasaí airgeadaíochta** - Ba cheart gurb é seo an phríomhuirlis a úsáideann an rialtas chun an geilleagar a bhainistiú.<br>Molann airgeadaithe go mbeadh smacht géar ar an soláthar airgid **d'fhonn boilsciú a smachtú.**<br>**Bhí sé i bhfabhar laghdú ar bhoilsciú** chun iomaíochas a mhéadú, rud a bhféadfadh easpórtálacha méadaithe agus cruthú poist a bheith mar thoradh air.<br>**Bhí sé i bhfabhar filleadh ar phrionsabail laissez faire** – gan ach fíorbheagán idirghabhála ón stát.<br>**Beartais maidir leis an taobt soláthair:** Bhí sé i bhfabhar bheartais a chuir feabhas ar éifeachtúlacht an mhargaidh/a chuir borradh faoi sholáthar. | |


<table>
<tr><th>C</th><th>Freagraí féideartha</th><th>Uas Mharc</th></tr>
<tr><td>5</td><td>Is earraí ionaid nó earraí comhlántacha do charranna iad na hearraí seo a leanas.<br>As an liosta thíos, cuir in iúl cé acu earraí díobh atá ina n-earraí ionaid do charranna agus cé acu earraí díobh atá ina n-earraí comhlántacha do charranna.<br>Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá curtha ar fáil.<br><br>BUS | CUIMILTEOIRÍ GAOTHSCÁTHA | TRAEIN | DÍOSAL<br><br>Freagra:<br><table><tr><th>Earraí Ionaid</th><th>Earraí Comhlántacha</th></tr><tr><td>BUS</td><td>CUIMILTEOIRÍ GAOTHSCÁTHA</td></tr><tr><td>TRAEIN</td><td>DÍOSAL</td></tr></table></td><td>4 x 4</td></tr>
<tr><td>6</td><td>Laghdaíodh ráta CCÚT (DIRT) go 37% i gCáinaisnéis 2018.<br>(i) Cad dó a seasann na litreacha CCÚT (DIRT)?<br>Cáin Choinneála ar Ús Taisce<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta amháin do choigilteoirí a bhaineann leis an laghdú seo ar ráta CCÚT.<br>• Gheobhaidh coigilteoirí toradh níos mó ar an gcoigilteas.<br>• Coigilteas a spreagadh: d’fhéadfadh sé go gcuirfeadh daoine níos mó airgid i dtaisce don todhchaí.<br>• D’fhéadfadh sé go laghdódh caiteachas agus d’fhéadfadh sé go gcabhródh sin leis an mboilsciú a laghdú – praghsanna níos lú do thomhaltóirí.<br>• Laghdaítear an gá le hairgead a fháil ar iasacht sa todhchaí nuair a chruinnítear airgead.<br>• Laghdaítear fiacha: is féidir an t-airgead a úsáid chun fiacha roimhe seo a ghlanadh.</td><td><br><br>8<br><br>9</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **7** | Tá boilsciú na bpraghsanna in Éirinn an-íseal faoi láthair. Mínigh an téarma boilsciú praghsanna **agus** luaigh buntáiste **amháin** do thomhaltóirí na hÉireann a bhaineann leis an ráta íseal seo de bhoilsciú praghsanna.<br><br>(i) Boilsciú Praghsanna<br><br>**Méadú ar phraghsanna earraí / seirbhísí thar thréimhse ama.**<br><br>(ii) Buntáiste do thomhaltóirí na hÉireann a bhaineann le ráta íseal de bhoilsciú praghsanna:<br><br>• Praghsanna níos lú ar earraí agus ar sheirbhísí do thomhaltóirí agus mar sin, téann a gcuid ioncaim níos faide.<br>• Ní théann an caighdeán maireachtála chun donais - coinníonn siad luach a gcuid airgid ionas nach dtagann meath ar chaighdeáin maireachtála.<br>• Is féidir le teaghlaigh pleanáil níos fearr a dhéanamh do na costais (a bheidh acu sa todhchaí) agus d'fhéadfadh sé go mbeidís in ann tuilleadh airgid a chur i dtaisce.<br>• Cothaíonn caiteachas tomhaltóirí éileamh méadaithe ar earraí agus ar sheirbhísí. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar an bhfás faoin ngeilleagar.<br>• D'fhéadfadh sé go méadódh ioncam an Rialtais mar gheall ar níos mó cánacha díreacha agus indíreacha de thoradh fostaíocht agus caiteachas méadaithe.<br>• Bíonn maolú ar an éileamh ar arduithe pá mar go gcoinnítear an chumhacht ceannaigh.<br>• Beidh daoine ar ioncam seasta in ann cumhacht ceannaigh a choinneáil. | **8**<br><br>**9** |
| **8** | Sa léaráid thíos taispeántar **Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim** i ngeilleagar oscailte gan rialtas.<br>(i) Is **sileadh** as sreabhadh ciorclach an ioncaim iad **iompórtálacha.** Mínigh cad a chiallaíonn sé sin.<br>**Ciallaíonn sin go bhfágann an t-airgead an geilleagar intíre agus laghdaítear an méid ioncaim sa gheilleagar.**<br>(ii) Luaigh cad dó a seasann **gach** ceann de na línte atá uimhrithe ó **1 go 3**:<br>Líne 1: **Faightear an t-ioncam le haghaidh sholáthar na dtosca táirgeachta**<br>Líne 2: **Coigilteas**<br>Líne 3: **Easpórtálacha** | **8**<br><br>**3 x 3** |
| **9** | Bain úsáid as **trí** cinn de na cúig théarma thíos chun an míniú ar **earraí eacnamaíocha** a chríochnú.<br><br>**Áirgiúlacht** **Praghas** **Cainníocht** **Acmhainní tearca** **Deischostas**<br><br>Ní mór úsáid a bhaint as **acmhainní tearca** chun earraí eacnamaíocha a tháirgeadh agus mar sin bíonn **deischostas** ag gabháil lena n-úsáid. Bíonn **praghas** ar earraí mar sin ar an margadh. | **1 x 9**<br>**&**<br>**2 x 4** |

## C1 Iomaíocht Fhoirfe agus iomaíocht i réimse na n-aerlínte ísealchostais

| | **Freagraí féideartha** | **Uas Mharc** |
|---|---|---|

**(a)** Sa léaráid thíos taispeántar cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta atá in **Iomaíocht Fhoirfe**.




(i) Scríobh amach ina iomláine **gach** ceann de na **cúig** lipéad a bhfuil líne fúthu thuas. **5x4**

| Lipéad | Freagra ceart |
|---|---|
| CI | **Costas Imeallach** |
| MCh | **Meánchostas** |
| É | **Éileamh** |
| MI | **Meánioncam** |
| II | **Ioncam Imeallach** |

(ii) **Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar.**
Bíonn cothromaíocht ann ag pointe **B** ar an léaráid. Taispeáin iad seo ar do léaráid:

- An **praghas** a ghearrfaidh an gnólacht ar a aschur (úsáid an lipéad $P_1$). **5**
- An t-**aschur** a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht (úsáid an lipéad $C_1$). **5**

**(30 marc)**

**30**

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| **(b)** | Mínigh **gach** ceann de na saintréithe seo a leanas a bhaineann le margadh in iomaíocht fhoirfe.<br>(i) Bíonn eolas foirfe ann.<br>(ii) Is earraí aonchineálacha iad na hearraí go léir a tháirgtear.<br>(iii) Bíonn saor-iontráil isteach sa tionscal agus saor-imeacht as an tionscal.<br>**(21 marc)**<br><br>Bíonn eolas foirfe ann.<br>Tá gach gnólacht ar an eolas faoin mbrabús a dhéanann gnólachtaí eile sa tionscal.<br>Tá gach tomhaltóir ar an eolas faoi na praghsanna a ghearrann na gnólachtaí.<br><br>Is earraí aonchineálacha iad na hearraí go léir a tháirgtear.<br>Is comhionann na hearraí a tháirgtear.<br>Ní gá fógraíocht ná ainmneacha branda a úsáid.<br><br>Bíonn saor-iontráil isteach sa tionscal agus saor-imeacht as an tionscal.<br>Níl aon bhaic ar iontráil sa tionscal nó ar imeacht ón tionscal. | **3 x 7**<br><br>**21** |
| **(c)** | In 2017, bhí breis iomaíochta ag Ryanair ó aerlínte ísealchostais eile macasamhail Norwegian Airlines. Ceaptar de ghnáth gur rud maith don tomhaltóir breis iomaíochta.<br><br>Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste do thomhaltóirí agus ar dhúshlán **amháin** do tháirgeoirí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le breis iomaíochta. **(24 marc)**<br><br>**Buntáistí a bhaineann leis an méadú ar iomaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann do thomhaltóirí**<br><br>**Praghsanna níos iomaíche**<br>D'fhéadfadh sé go laghdódh iomaitheoirí a gcuid praghsanna chun custaiméirí nua a mhealladh.<br><br>**Rogha bealaí níos fearr**<br>D'fhéadfadh sé go dtabharfadh iomaitheoirí bealaí/amanna nua isteach chun custaiméirí a mhealladh<br><br>**Cáilíocht seirbhíse/ réimse seirbhísí níos fearr**<br>D'fhéadfadh sé go bhfeabhsódh iomaitheoirí an réimse seirbhísí a chuirtear ar fáil agus/nó caighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil.<br>**Deacrachtaí a bhaineann leis an méadú ar iomaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann do tháirgeoirí/do ghnólacht**<br>**Ní mór a bheith níos éifeachtúla ó thaobh costais de**<br>Le go mbeidh táirgeoirí in ann dul san iomaíocht go héifeachtúil, ní mór dóibh costais a laghdú chun an sciar den mhargadh a choimeád agus/nó praghsanna níos iomaíche a chur ar fáil do thomhaltóirí.<br><br>**D'fhéadfaí custaiméirí a chailleadh / laghdú ar bhrabús**<br>Mura féidir le táirgeoirí bearta iomaíochta a chur chun feidhme mar a dhéanann táirgeoirí eile, d'fhéadfadh sé go gcaillfidís custaiméirí agus go dtiocfadh laghdú ar an mbrabús.<br><br>**Nuálaíocht níos mó de dhíth**<br>Ní mór do tháirgeoirí a bheith níos nuálaí agus bealaí nua a thabhairt isteach agus/nó seirbhísí mar atá faoi láthair a fheabhsú agus seirbhísí nua a fhorbairt. | **3 x 8**<br><br>**24** |

## C2 Áirgiúlacht, Éileamh agus an Cháin ar Shiúcra

| | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|

**(a)** Tomhlaíonn daoine earraí toisc go bhfaigheann siad <u>áirgiúlacht</u>. De réir mar a thomhlaíonn siad breis aonad den earra tosóidh a n-<u>áirgiúlacht imeallach</u> ag titim ar deireadh thiar.

(i) Mínigh **gach ceann** de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

(ii) Bain úsáid as an tábla thíos agus ríomh an áirgiúlacht imeallach ag **A, B agus C**.

**(Taispeáin do chuid oibre i do fhreagarleabhar.)**

(iii) Abair cén pointe ina dtosaíonn áirgiúlacht imeallach laghdaitheach **agus** mínigh do fhreagra.

| **Líon na n-aonad a thomhlaítear** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Áirgiúlacht iomlán ina haonaid/utils** | 15 | 35 | 70 | 110 | 130 | 140 |
| **Áirgiúlacht Imeallach ina haonaid/utils** | 15 | 20 | 35 | **A** | **B** | **C** |

**(25 marc)**

(i) Mínigh **gach ceann** de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

<u>Áirgiúlacht</u>

An sásamh a fhaigheann tomhaltóir as earra/seirbhís a úsáid. **5**

<u>Áirgiúlacht imeallach</u>

Siad é an sásamh breise a fhaigheann tomhaltóir as aonad amháin sa bhreis d'earra a úsáid. **5**

(ii) Comhlánaigh an tábla seo a leanas i d'fhreagairleabhar. **Abair** cén pointe ina dtosaíonn áirgiúlacht imeallach laghdaitheach agus **mínigh** do fhreagra.

| Líon na n-aonad a thomhlaítear | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Áirgiúlacht iomlán ina haonaid | 15 | 35 | 70 | 110 | 130 | 140 |
| Áirgiúlacht imeallach ina haonaid | 15 | 20 | 35 | **40*** | **20*** | **10*** |


**3x4**

110 – 70 = 40
130 – 110 = 20
140 – 130 = 10

(iii)

- Tar éis an 4ú aonad a úsáid/ar an 5ú aonad a úsáid. **1**
- Ar an 5ú aonad a úsáid, titeann áirgiúlacht imeallach an tomhaltóra ó 40 aonad go 20 aonad. **2**

**25**

<table>
<tr><th>C</th><th>Freagraí féideartha</th><th>Uas Mharc</th></tr>
<tr><td>(b)</td><td>
Taispeánann an léaráid thíos dhá chuar éilimh ar fhóin chliste.<br>

<br>
(i) Mínigh an cruth a bhíonn ar chuar éilimh ar fhóin chliste.<br>
(ii) Luaigh cé acu méadú nó laghdú san éileamh ar fhóin chliste a léirítear sa bhogadh san éileamh ó $É_1$ go $É_2$ thuas.<br>
(iii) Luaigh agus mínigh dhá chúis a bhféadfadh an t-éileamh ar fhóin chliste bogadh mar atá léirithe sa léaráid thuas. (25 marc)<br><br>
(i) Mínigh an cruth a bhíonn ar chuar éilimh ar fhóin chliste.<br><br>
Agus praghas na bhfón cliste ag laghdú, méadóidh an chainníocht nó an líon a éilítear.<br><br>
(ii) Luaigh cé acu méadú nó laghdú san éileamh ar fhóin chliste a léirítear sa bhogadh san éileamh ó $É_1$ go $É_2$ thuas.<br><br>
Léiríonn an t-athrú ó $É_1$ go $É_2$ an méadú ar an éileamh ar fhóin chliste.<br><br>
(iii) Luaigh agus mínigh dhá chúis a bhféadfadh an t-éileamh ar fhóin chliste bogadh mar atá léirithe sa léaráid thuas.<br>
Méadú ar ioncam<br>
D’fhéadfadh sé go mbeadh ioncam níos mó ag tomhaltóirí agus mar sin, is féidir leo fón cliste nua a cheannach.<br><br>
Rogha ag athrú / suim i leaganacha múnlaí nua<br>
D’fhéadfadh sé go bhfearr le tomhaltóirí áirithe, mar gheall ar an bhfógraíocht fhorleathan, an leagan/múnla is déanaí is faiseanta a fháil agus mar sin, go dtiocfadh méadú ar an éileamh ar fhóin chliste nua.<br><br>
Laghdú ar phraghas earraí comhlántacha<br>
D’fhéadfadh sé gur chuir soláthraithe seirbhíse feabhas ar an bpacáiste seirbhísí a chuirtear ar fáil / gur laghdaigh siad na táillí agus d’fhéadfadh sé go spreagfadh a leithéid tomhaltóirí chun fón cliste nua a cheannach.<br><br>
Tosca gan choinne<br>
Má laghdaíonn an déantóir luas an chórais oibriúcháin ar na leaganacha atá ann cheana, d’fhéadfadh sé go spreagfadh sé tomhaltóirí chun leagan nó múnla nua a cheannach.
</td><td>
7<br><br>
6<br><br>
2 x 6<br>(3 +3)<br><br>
25
</td></tr>
</table>

| | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | I gCáinaisnéis an Rialtais in 2018, tugadh isteach cáin ar dheochanna a mhilsítear le siúcra.<br>(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis ar thug an rialtas isteach an cháin ar shiúcra.<br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste **agus** ar mhíbhuntáiste **amháin** do thomhaltóirí in Éirinn a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an gcáin seo ar shiúcra. **(25 marc)** | |
| | (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis ar thug an rialtas isteach an cháin ar shiúcra.<br>**Laghdú a chur ar an méid bia mhilis a itear / laghdú a chur ar an otracht**<br>Mhéadódh an cháin praghas na ndeochanna sin agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé de chlaonadh ag daoine iad a cheannach dá bharr.<br>**Ioncam don stát**<br>Thabharfadh an cháin seo ioncam isteach don rialtas agus mhaoineodh an t-ioncam sin uasghrádú ar sheirbhísí stáit.<br>**Chuideodh sí le tionscnaimh sláinte a mhaoiniú**<br>D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an ioncam a bhaileofaí le cláir a mhaoiniú a théann i ngleic le hotracht i measc daoine óga go háirithe.<br>**Chuideodh sí le costais sláinte sa todhchaí a laghdú**<br>Dá gcuideofaí leis an méid a ídítear faoi láthair a laghdú d'fhéadfadh sé go mbeadh níos lú fadhbanna sláinte ann sa todhchaí agus nach gcaifí an oiread sin ar shláinte.<br>**Dreasacht d'fhiontraithe roghanna níos sláintiúla a chur ar fáil.** | **2 x 5** |
| | (ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste **agus** ar mhíbhuntáiste **amháin** do thomhaltóirí in Éirinn a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an gcáin seo ar shiúcra. | **3 x 5** |

| Buntáistí | Míbhuntáiste |
|---|---|
| **Stíl mhaireachtála níos sláintiúla / laghdú ar an otracht** | **Praghsanna níos airde do thomhaltóirí** |
| **D'fhéadfadh sé go méadófaí ioncam indiúscartha** | **D'fhéadfadh sé go mbeadh sé cúlchéimnitheach:**<br>D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an cháin isteach ar ghrúpaí ag a bhfuil ioncam níos ísle níos mó ná grúpaí eile agus mar sin, go bhféadfadh sé nach mbeadh sé cothrom. |
| **D'fhéadfadh sé go gcuirfí ní ba mhó roghanna ar fáil:**<br>D'fhéadfadh sé go ndéanfadh táirgeoirí roghanna ina bhfuil níos lú siúcra. | |

**25**

## C3 Tosca Táirgeachta, Costais agus Ioncam, an Ráta Íosphá

| | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| **(a)** | Is é is brabús ann ná an toradh a bhíonn ar an toisc tháirgeachta **fiontraíocht**<br>Mínigh na **trí** thoisc tháirgeachta eile **agus** luaigh an toradh a bhíonn ar **gach ceann** de na tosca táirgeachta seo. **(24 marc)** | **3 x 8 (3+2+3)**<br><br>**24** |

| *Toisc* | *Míniú* | *Toradh* |
|---|---|---|
| **Talamh** | rud ar bith a soláthraíonn an dúlra é a chabhraíonn i dtáirgeadh aschuir. | Cíos |
| **Lucht oibre** | éifeacht an duine / an obair a bhaineann le hearra nó seirbhís a tháirgeadh. | Pá / Tuarastal |
| **Caipiteal** | rud ar bith de dhéantús an duine a úsáidtear chun aschur a tháirgeadh / sócmhainní ar leis an ngnólacht iad a úsáidtear sa táirgeadh. | Ús |

**(b)** Taispeánann an tábla thíos aschur, costas iomlán agus ioncam iomlán gnólachta atá ag táirgeadh comhpháirte le haghaidh thionscal na teicneolaíochta faisnéise (TF).
Is é **€10 an praghas díola** ar gach aonad aschuir a dhíoltar.
Bain úsáid as an tábla seo chun na ceisteanna a leanas a fhreagairt.
(**Taispeáin do chuid oibre i do fhreagarleabhar.**)

| **Aschur (aonaid)** | 0 | 100 | 200 | 300 | 400 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas iomlán (€)** | 300 | 500 | 600 | 1,050 | 1,500 |
| **Ioncam iomlán (€)** | 0 | **1,000** | **A** | **B** | **C** |

(i) Ríomh an t-**ioncam iomlán** a thuilltear ag **gach** ceann de na leibhéil aschuir (**A, B, agus C**) thuas.
(ii) Ríomh an **brabús** a thuilltear nuair a dhíolann an gnólacht 200 aonad.
(iii) Tá <u>costais sheasta</u> agus <u>costais athraitheacha</u> san áireamh i gcostais iomlána an ghnólachta. Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu **agus** tabhair sampla **amháin** de **gach** ceann acu i gcás an ghnólachta thuas. **(30 marc)**

(i) Ríomh an t-**ioncam iomlán** a thuilltear ag **gach** ceann de na leibhéil aschuir (**A, B, agus C**) thuas. — **3 x 4**

| | Oibriú amach | Freagra |
|---|---|---|
| A | 200 x €10 | €2,000 |
| B | 300 x €10 | €3,000 |
| C | 400 x €10 | €4,000 |

**(b)** (ii) Ríomh an **brabús** a thuilltear nuair a dhíolann an gnólacht 200 aonad. **Taispeáin do chuid oibre.** — **6**

(200 x €10) = €2,000 - €600 = €1,400

(iii) Tá <u>costais sheasta</u> agus <u>costais athraitheacha</u> san áireamh i gcostais iomlána an ghnólachta. Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu **agus** tabhair sampla **amháin** de **gach** ceann acu i gcás an ghnólachta thuas. — **2 x 6 (4+2)**

Costas seasta: costais nach n-athraíonn nuair a athraítear an t-aschur / costais atá le híoc fiú mura ndéantar rud ar bith a tháirgeadh Sampla: Cíos áitribh.

Costas athraitheach: costais a athraíonn nuair a athraítear an t-aschur. Sampla: Costais phá / Amhábhair do chomhpháirteanna TF.

**30**

| | | |
|---|---|---|
| **(c)** | Tá na ceardchumainn i bhfabhar méadú ar an ráta íosphá náisiúnta. Luaigh agus mínigh slí **amháin** a bhféadfadh méadú ar an íosphá náisiúnta dul i bhfeidhm ar **gach** ceann díobh seo a leanas ó thaobh na heacnamaíochta de: Fostaithe; Gnólachtaí; Tomhaltóirí. **(21 marc)** | **3 x 7 (4 + 3)** |

**Fostaithe**

| Iarmhairt dhearfach eacnamaíochta a d'fhéadfadh bheith ann | Iarmhairt dhiúltach eacnamaíochta a d'fhéadfadh bheith ann |
|---|---|
| • **Méadú ar an gcaighdeán maireachtála / laghdú ar an mbochtaineacht**<br>• **Ionchais níos fearr don todhchaí**<br>• **Dreasacht chun oibre** | • **D'fhéadfaí uaireanta a chailleadh**<br>• **D'fhéadfadh sé go gcaillfí poist** |

**Gnólachtaí**

| Iarmhairt dhearfach eacnamaíochta a d'fhéadfadh bheith ann | Iarmhairt dhiúltach eacnamaíochta a d'fhéadfadh bheith ann |
|---|---|
| • **Táirgiúlacht níos mó**<br>• **Leibhéal íseal athraithe i measc na foirne** | • **Iomaíochas a chailleadh**<br>• **Gnólachtaí a dhúnadh** |

**Tomhaltóirí**

| Iarmhairt dhearfach eacnamaíochta a d'fhéadfadh bheith ann | Iarmhairt dhiúltach eacnamaíochta a d'fhéadfadh bheith ann |
|---|---|
| • **Seirbhís ar chaighdeán níos fearr**<br>• **Leanúnachas seirbhíse**<br>• **Cumhacht ceannaigh níos mó** | • **Praghsanna níos airde**<br>• **Caillteanas seirbhíse** |

**21**

## C4 Airgead, Coigilteas agus Modhanna Íocaíochta Neamhairgid

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| **(a)** | Luaigh agus mínigh aon **trí** fheidhm atá ag an airgead. **(21 marc)**<br><br>**Meán malairte**<br><br>**Tomhas luacha**<br><br>**Stór Saibhris**<br><br>**An caighdeán i gcomhair Íocaíocht Iarchurtha** | **3 x 7**<br>**(2+5)**<br><br>**21** |
| **(b)** | (i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith ag tomhaltóirí lena n-ioncam a choigilt in ionad é a chaitheamh.<br>(ii) Déan plé ar bhuntáiste eacnamaíochta **amháin** agus ar mhíbhuntáiste eacnamaíochta **amháin** do gheilleagar na hÉireann a bhaineann leis an gcoigilteas. **(24 marc)**<br><br>(i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith ag tomhaltóirí lena n-ioncam a choigilt in ionad é a chaitheamh.<br><br>**Leibhéil ioncaim / Cáin ar ioncam**<br>• Méadaíodh an t-ioncam atá ag saoránaigh áirithe mar gheall gur méadaíodh an pá agus/nó mar gheall gur laghdaíodh MSU agus d'fhéadfadh sé go mbeartóidís an t-ioncam breise seo a chur i dtaisce seachas é a chaitheamh.<br><br>**Ráta DIRT**<br>• I gCáinaisnéis 2018 laghdaigh an rialtas an ráta DIRT agus d'fhéadfadh sé sin daoine áirithe a spreagadh chun sciar níos mó dá n-ioncam a chur i dtaisce.<br><br>**Éileamh ar an gcaiteachas sa todhchaí**<br>• D'fhéadfadh sé go mbeadh sé ar intinn ag daoine áirithe teach a cheannach agus mar sin, go gcuirfidís airgead i dtaisce chun riachtanais mhorgáiste a shásamh.<br>• D'fhéadfadh sé go mbeadh daoine áirithe ag pleanáil do thodhchaí a leanaí/ don tréimhse scoir.<br><br>**'Ciste éigeandála' a chruthú**<br>• D'fhéadfadh sé go mbeadh daoine áirithe ag ullmhú do thubaistí agus gur mhaith leo ciste éigeandála a chruthú chuige sin.<br><br>**Ráta úis**<br>• Dá dtiocfadh méadú ar na rátaí úis a bheadh á dtairiscint ag na hinstitiúidí airgeadais, d'fhéadfadh sé go gcinnfeadh duine níos mó airgid a chur i dtaisce. | **2 x 6**<br>**(3 + 3)** |

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| **(b)** | (ii) Déan plé ar bhuntáiste eacnamaíochta **amháin** agus ar mhíbhuntáiste eacnamaíochta **amháin** do gheilleagar na hÉireann a bhaineann leis an gcoigilteas | **2 x 6 (3 +3)** |

| **Buntáiste eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ann** | **Míbhuntáiste eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ann** |
|---|---|
| Boilsciú laghdaithe | Caiteachas laghdaithe sa gheilleagar |
| Éileamh laghdaithe ar earraí iompórtáilte | Méadú ar an dífhostaíocht mar gheall ar caiteachas laghdaithe sa gheilleagar. |
| Níos mó cistí ar fáil le haghaidh infheistíochta | Fás laghdaithe geilleagrach |
| Fiachas pearsanta a éascú | |
| Éilimh amach anseo ar airgeadas rialtais a laghdú | |
| Méadú ar ioncam CCÚT don rialtas | |

**24**

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | Táthar ag bogadh ar shiúl ó mhodhanna íocaíochta le hairgead tirim agus ag dul le modhanna íocaíochta neamhairgid.<br>**(30 marc)**<br><br>(i) Ainmnigh **dhá** mhodh íocaíochta neamhairgid.<br><br>**Cárta Creidmheasa / Cárta Dochair / Seic / Dochar Díreach / Buanordú / Aistrithe tríd an mbaincéireacht ar líne**<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag mhodhanna íocaíochta neamhairgid do **gach** ceann acu seo a leanas: Bainc / Gnólachtaí / Tomhaltóirí.<br><br>**Bainc**<br>**Ní chuireann an fhoireann am amú ag plé le hairgead tirim**<br>D'fhéadfadh sé go dtabharfadh sé deis don fhoireann dul i ngleic le ceisteanna eile atá ag tomhaltóirí agus go mbeifí in ann cinntí a dhéanamh ní ba thapúla.<br>**Modhanna nua/feabhsaithe baincéireachta a fhorbairt**<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh ar bhainc nuáil a dhéanamh agus modhanna eile chun déileáil le custaiméirí a thabhairt isteach i.e. leas níos mó a bhaint as an teicneolaíocht.<br>**Líon na mball foirne a laghdú/ costas a laghdú**<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh foireann ní ba lú ag teastáil sa bhanc agus mar sin go laghdófaí líon na mball foirne agus costais sa bhanc.<br><br>**Gnólachtaí**<br>**Gá níos lú airgead tirim a láimhseáil/ laghdaítear costais bhaincéireachta**<br>Ní chuirtear am amú ag dul go dtí an banc nuair a úsáidtear níos lú airgead tirim sa ghnólacht agus laghdaítear na costais bhaincéireachta.<br>**Laghdú ar rioscaí slándála**<br>Nuair atá níos lú airgead tirim sa ghnólacht, laghdaítear na rioscaí a bhaineann le hairgead tirim a stóráil, a aistriú agus an baol atá ann go ngoidfear é.<br>**Préimheanna árachais níos lú**<br>Má mheasann an comhlacht árachais go laghdaítear an riosca, d'fhéadfadh sé go laghdófaí na costais árachais.<br><br>**Tomhaltóirí**<br>**Níos áisiúla do thomhaltóirí**<br>Ní gá airgead tirim a fháil chun íocaíochtaí a dhéanamh.<br><br>**Taifead scríofa:** tá taifead i scríbhinn ar an airgead ar fad a chuirtear isteach sa chuntas agus a íoctar amach as an gcuntas. | **2 x 6**<br><br>**3 x 6**<br><br>**30** |

## C5 Buiséadú an Rialtais, Cánachas agus Infheistíocht san Oideachas

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| (a) | Cuireadh na figiúirí seo a leanas ar fáil i gCáinaisnéis 2018: **(24 marc)**<br><br>Ioncam Reatha an Rialtais €67.4 bn \| Caiteachas Reatha an Rialtais €70.1 bn<br><br>(i) Cé acu easnamh buiséid nó farasbarr buiséid atá á phleanáil ag an rialtas? Mínigh do fhreagra.<br>**(Taispeáin do chuid oibre i do fhreagarleabhar.)**<br><br>• €67.4 bn - €70.1 bn = €2.7 billiún.<br>• Easnamh sa bhuiséad.<br>• Beartaíonn sé níos mó a chaitheamh ná mar atá á thabhairt isteach aige in ioncam reatha.<br><br>***Is é an fiachas náisiúnta atá ann faoi láthair ná tuairim is €200 billiún.*** | **6**<br>**(3 + 3)** |
| | (ii) Luaigh an tionchar a bheidh ag Cáinaisnéis 2018, a ríomh tú i gcuid (i) thuas, ar an bhfiachas náisiúnta. Mínigh do fhreagra.<br><br>• Ardóidh an fiachas náisiúnta.<br>• Tá an caiteachas (€2.7 billiún) níos airde ná an t-ioncam agus caithfear é seo a fháil ar iasacht.<br>• Caithfear an t-easnamh atá sa bhuiséad a fháil ar iasacht. | **6**<br>**(3 + 3)** |

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| | (iii) Luaigh agus mínigh buntáiste eacnamaíochta **amháin** agus míbhuntáiste eacnamaíochta **amháin** a ghabhann le méadú ar an bhfiachas náisiúnta. | 2 x 6 (3+3) |

| Buntáiste eacnamaíochta | Míbhuntáiste eacnamaíochta |
|---|---|
| Tá an costas iasachta reatha íseal. | Ús méadaithe bliantúil ar aisíocaíochtaí. |
| Soláthar /<br>caighdeán seirbhísí stáit níos fearr. | Deischostas. |
| Feabhas ar an mbonneagar. | Brú níos mó ar cháiníocóirí. |
| D’fhéadfaí tabhairt faoi fhadhb na heaspa dídine. | Baol níos mó ar sholáthar seirbhísí poiblí /<br>ciorruithe ar chaiteachas an rialtais. |
| | Níos lú muiníne as an ngeilleagar. |

**24**

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| **(b)** | Maidir le **gach ceann** de na cánacha seo a leanas:<br>• cáin ar bhrabús cuideachta<br>• cáin ar phá fostaithe<br>• cáin ar earraí agus ar sheirbhísí.<br>(i) Ainmnigh **gach** cáin thuasluaite.<br>(ii) Luaigh cé acu sampla de cháin dhíreach nó sampla de cháin indíreach é gach cáin díobh.<br>(iii) Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu i gcuid (ii) thuas. **(30 marc)** | |

(i) & (ii)

| | (i)<br>Ainm gach cánach | (ii)<br>An cáin dhíreach nó cáin indíreach í? |
|---|---|---|
| cáin ar bhrabús cuideachta | **Cáin Bhrabúis Chorparáide** | **Díreach** |
| cáin ar phá fostaí | **Cáin Ioncaim / ÍMAT** | **Díreach** |
| cáin a ghearrtar ar earraí agus ar sheirbhísí | **Cáin Bhreisluacha** | **Indíreach** |

**6 x 3**

(iii) Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu i gcuid (ii) thuas.

**2 x 6**

**Cánacha indíreacha:** Is cánacha ar ioncam nó ar bhrabúis iad.
**Cánacha indíreacha:** Is cánacha ar earraí agus ar sheirbhísí / cánacha ar chaiteachas iad.

**30**

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | In 2018, beidh caiteachas rialtas na hÉireann ar an oideachas chomh hard le €10 bn agus tá deischostas ag gabháil leis seo.<br>(i) Mínigh an téarma **deischostas**.<br>(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag baint le méadú ar chaiteachas an rialtais ar an oideachas **(21 mharc)** | |
| | (i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.<br>Costas na roghanna eile a tharscaoiltear/An costas a bhaineann leis an gcéad rogha eile is fearr a scaoileadh tharat agus cinneadh á dhéanamh agat. | **7** |
| | (ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag baint le méadú ar chaiteachas an rialtais ar an oideachas.<br>**D'fhéadfadh saoránaigh eolas níos fearr a bheith acu / níos mó deiseanna**<br>D'fhéadfadh an caiteachas cabhrú leo siúd ar fad a fhaigheann oideachas a bheith níos eolaí faoin ngeilleagar /cabhrú le daoine éirí níos muiníní chun a chur ar a gcumas dul in oiriúint i ndomhan atá ag athrú go mear agus d'fhéadfadh sé seo cabhrú le déanamh cinntí / déanamh roghanna sa tsochaí. D'fhéadfadh an caiteachas méadaithe saoránaigh a spreagadh le dul i ngleic le foghlaim ar feadh an tsaoil agus beidh sé seo chun tairbhe na saoránach.<br>**Cáilíocht níos fearr seirbhíse**<br>Má dhéantar an infheistíocht i bhfoirgnimh agus/nó má chaitear í ar níos mó múinteoirí a fhostú/ modhanna measúnaithe nua a dhearadh d'fhéadfadh an caighdeán oideachais feabhsú ansin.<br>**Lucht saothair feabhsaithe**<br>D'fhéadfadh oibrithe ioncam níos airde a shaothrú agus caighdeán maireachtála níos fearr a bheith acu mar thoradh ar lucht saothair a bhfuil oideachas níos fearr orthu.<br>**Gnóthaí táirgiúlacht / costais a ísliú**<br>D'fhéadfadh táirgiúlacht oibrí feabhsú agus cabhróidh sé seo le gnó níos mó airgid a shaothrú agus/nó a chostas oiliúna a ísliú má thagann an t-oibrí isteach sa lucht oibre le scileanna níos fearr.<br>**Rochtain ar oideachas feabhsaithe**<br>Mar gheall ar mhéadú ar chaiteachas d'fhéadfadh sé a bheith níos éasca ag teaghlaigh ar ioncam íseal nach bhfuil in acmhainn leanaí a chur chuig tríú leibhéal rochtain a fháil ar ardoideachas.<br>**D'fhéadfadh go mbeadh Éire ní ba tharraingtí i dtaobh cuideachtaí ilnáisiúnta / infheistíocht dhíreach eachtrach / fás geilleagrach dá bharr.**<br>Má bhíonn oideachas níos fearr ar an daonra d'fhéadfadh sé seo a bheith ina dhreasacht do chuideachtaí ilnáisiúnta lonnú in Éirinn toisc oibrithe a bheith níos muiníní agus cumas oiriúna níos fearr acu do dhomhan atá ag athrú go mear.<br>Méadóidh sé seo gníomhaíocht gheilleagrach agus cuirfidh sé borradh faoi fhás geilleagrach.<br>**Fiontraíocht a chur chun cinn**<br>D'fhéadfadh go mbeadh sé níos fusa do dhaoine a bhfuil oideachas orthu a ngnóthaí féin a thosú seachas a bheith ag brath ar an rialtas nó ar ghníomhaireacht eile soláthar a dhéanamh dóibh. | **2 x 7<br>(4+3)**<br><br>**21** |

## C6 Ioncam Náisiúnta, Cuideachtaí Ilnáisiúnta agus Forbairt thar Sáile

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| (a) | Glac leis gurb é an tIoncam Náisiúnta (Y) ná: **Y = C + I + G + (X - M)** san áit go bhfuil<br>C = €2,500m I = €500m G = €600m X = €300m M = €200m<br><br>(i) Luaigh cad dó a seasann gach ceann de na litreacha san fhoirmle thuas.<br>(ii) Ríomh, agus úsáid á baint agat as na figiúirí atá curtha ar fáil, leibhéal an Ioncaim Náisiúnta. **Taispeáin do chuid oibre.** **(20 marc)**<br><br>(i) Luaigh cad dó a seasann gach ceann de na litreacha san fhoirmle thuas.<br><br>**Tomhaltas / Infheistíocht / Caiteachas Rialtais / Easpórtálacha / Earraí Iompórtáilte**<br><br>(ii) Ríomh, agus úsáid á baint agat as na figiúirí atá curtha ar fáil, leibhéal an Ioncaim Náisiúnta.<br><br>**Y = C + I + G + (X - M)**<br><br>€2,500m + €500m + €600m + €300m - €200m = €3,700m | <br><br><br><br><br><br>**10**<br>**(5 x 2)**<br><br><br>**10**<br><br>**20** |
| (b) | Lonnaíonn Cuideachtaí Ilnáisiúnta (CIN) (MNCs sa Bhéarla), mar Facebook agus Amazon in Éirinn agus cuireann siad le fás geilleagrach.<br><br>(i) Mínigh na téarmaí **cuideachta ilnáisiúnta** agus **fás geilleagrach**.<br>(ii) Déan plé ar **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann, seachas fás geilleagrach, a d'fhéadfadh a bheith ag CIN-eanna.<br>(iii) Déan plé ar dhúshlán eacnamaíochta **amháin** do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag baint le CIN-eanna.<br>**(25 marc)**<br><br>(i) Mínigh na téarmaí **cuideachta ilnáisiúnta** agus **fás geilleagrach**.<br><br>**Cuideachta Ilnáisiúnta**<br>• Is gnó é a fheidhmíonn i roinnt tíortha éagsúla ag an am céanna.<br>• Tá gníomhaíochtaí gnó aici i níos mó ná tír amháin.<br><br>**Fás geilleagrach**<br>• Is é sin an méadú ar OTN / (luach earraí & seirbhísí) aschur / ioncam náisiúnta in aghaidh an duine i dtír thar thréimhse ama.<br>• Méadú ar chumas táirgthe geilleagair. | <br><br><br><br><br><br><br><br>**2 x 5** |

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| **(b)** | (ii) Déan plé ar **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann, seachas fás geilleagrach, a d'fhéadfadh a bheith ag CIN-eanna. | **2 x 5 (3 + 2)** |

| Ráiteas | Míniú |
|---|---|
| **Fostaíocht** | Cruthóidh cuideachtaí ilnáisiúnta (CIN) fostaíocht go díreach in Éirinn agus mar sin ardaíonn an leibhéal fostaíochta. Bíonn éileamh acu freisin ar fhosheirbhísí agus ba chóir go mbeadh níos mó post sna cuideachtaí a bhíonn á soláthar seo mar gheall air sin. |
| **Méadóidh easpórtálacha** | Táirgeann na cuideachtaí seo a gcuid earraí do na margaí idirnáisiúnta níos mó. D'fhéadfadh sé seo staid Chomhardú na nÍocaíochtaí a fheabhsú. |
| **Méadóidh ioncam ó cháin** | Ba chóir go méadódh ioncam ó cháin ioncaim mar gheall ar an méadú ar an leibhéal fostaíochta. Ba chóir go n-ardódh ioncam ó cháin indíreach mar gheall ar an méadú ar an gcaiteachas a dhéanann na cuideachtaí agus a bhfostaithe. Lena chois sin, baileoidh an stát níos mó ioncaim ó Cháin Bhrabúis Chorparáide. |
| **Infheistíocht a mhealladh** | Má bhíonn na cuideachtaí ilnáisiúnta (CIN) (MNCs sa Bhéarla) brabúsach, d'fhéadfadh sé sin CIN eachtracha eile a spreagadh chun lonnú anseo agus gnólachtaí na hÉireann a spreagadh chun fairsingiú. |
| **Buntáistí don gheilleagar áitiúil** | Beidh buntáistí i ndán do chuideachtaí sa gheilleagar áitiúil e.g. buntáistí méadaithe do chuideachtaí lónadóireachta, tacsaithe, glantóirí, bialanna, tithe tábhairne, etc. Lena chois sin, d'fhéadfadh na CIN roinnt amhábhar a fháil ó chuideachtaí áitiúla. |

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| | (iii) Déan plé ar dhúshlán eacnamaíochta **amháin** do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag baint le CIN-eanna. | **1 x 5 (3 + 2)** |

| Riosca | Míniú |
|---|---|
| **Cuideachtaí intíre a dhúnadh** | Ní féidir leo dul san iomaíocht le cuideachtaí móra ilnáisiúnta. |
| **Níos lú iomaíochais** | D'fhéadfadh sé go mbeadh níos lú iomaíochais mar chúis le praghsanna níos airde. |
| **Caillteanas post má athlonnaíonn siad** | Má athlonnaíonn an chuideachta ilnáisiúnta caillfear poist dhíreacha agus indíreacha a bhí ag brath ar an gcuideachta. |
| **Aisdúichiú brabús chuig an tír dhúchais** | Laghdaíonn an t-aisdúichiú brabús an tionchar iomlán a bhíonn ag an ioncam a ghintear in Éirinn. |
| **Coinníollacha ró-bhuntáisteach ón stát a aontú** | D'fhéadfadh sé go bhfuair roinnt cuideachtaí ilnáisiúnta téarmaí atá ró-bhuntáisteach dar le roinnt cáiníocóirí agus d'fhéadfadh gur beag achair a mhairfeadh a mbuntáistí nó tá an deischostas ró-ard. |

**25**

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | 'Tá rialtas na hÉireann ag caitheamh €13 mhilliún sa bhreis ar an mbuiséad le haghaidh cúnamh forbartha thar lear.' **(Foinse: *The Irish Times*, Deireadh Fómhair 2017)**<br>(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shaintréith de Thíortha Tearcfhorbartha (LDCs sa Bhéarla).<br>(ii) Déan cur síos ar **dhá** chineál cúnaimh, seachas cúnamh airgeadais, a d'fhéadfaí a sholáthar do Thíortha Tearcfhorbartha.<br>(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhféadfadh sé tarlú **nach** gcuideodh cúnamh airgeadais i gcónaí le Tíortha Tearcfhorbartha a gcuid deacrachtaí a réiteach.<br>**(30 marc)**<br><br>(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shaintréith de Thíortha Tearcfhorbartha (LDCs sa Bhéarla).<br><br>• Rátaí arda fáis faoin daonra i dTíortha Tearcfhorbartha<br>• Gorta i dTíortha Tearcfhorbartha / ionchas saoil íseal<br>• Fiacha eachtracha arda / easpa caipitil<br>• A bheith ag brath an iomarca ar aon bharr amháin i dTíortha Tearcfhorbartha<br>• Céatadán ard den phobal ag gabháil do thionscail eastóscacha / phríomhúla i dTíortha Tearcfhorbartha<br>• Drochbhonneagar i dTíortha Tearcfhorbartha<br>• Ioncam níos ísle in aghaidh an duine i dtíortha tearcfhorbartha / droch-chaighdeán maireachtála<br>• Leibhéil ísle oideachais/litearthachta i dtíortha tearcfhorbartha/droch-chaighdeán<br>• Éilliú polaitíochta / institiúidí polaitíochta níos neamhsheasmhaí. | **2 x 5** |

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | (ii) Déan cur síos ar **dhá** chineál cúnaimh, seachas cúnamh airgeadais, a d'fhéadfaí a sholáthar do Thíortha Tearcfhorbartha.<br><br>• Cúnamh trí ghníomhaireachtaí deonacha<br>• Cúnamh (seachas cúnamh airgeadais) á soláthar ag saoránaigh eachtracha<br>• Fiachais náisiúnta a athstruchtúrú<br>• Ilnáisiúntaigh ag lonnú i dTíortha Tearcfhorbartha<br>• Feabhas a chur ar na téarmaí trádála le Tíortha Tearcfhorbartha<br>• Cuidiú leis na tíortha tearcfhorbartha le scileanna agus teicneolaíochtaí. | **2 x 5** |

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | (iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhféadfadh sé tarlú **nach** gcuideodh cúnamh airgeadais i gcónaí le Tíortha Tearcfhorbartha a gcuid deacrachtaí a réiteach.<br><br>**Dáileadh éagórach buntáistí / D'fhéadfadh bearna na bochtaineachta leathnú**<br>D'fhéadfadh rachmas ar bith a chruthaítear sna tíortha is boichte a bheith dírithe ar uasaicme bheag go minic. I gcás roinnt de na tíortha tearcfhorbartha, d'fhéadfadh sé nach gcuirtear an t-airgead ar aghaidh chuig na daoine is mó a dteastaíonn sé uathu.<br><br>**Costais don chomhshaol**<br>Méadú ar thruailliú / scriosadh an tírdhreacha/an chomhshaoil; d'fhéadfadh forbairt ar scála mór aon éifeachtaí dearfach a thagann ó chúnamh eachtrach a chealú.<br><br>**D'fhéadfadh fás tapa daonra tionchar a bheith aige ar an gcaighdeán maireachtála**<br>Tá daonraí atá ag fás go tapa sna tíortha tearcfhorbartha agus is iad na himpleachtaí a bhaineann le fás daonra den sórt sin go sáraíonn an méadú ar an ngeilleagar an fás geilleagrach go hiomlán.<br><br>**D'fhéadfadh saoránaigh tosú ag brath ar chúnamh airgeadais/ ar chúnamh bia**<br>D'fhéadfadh cultúr spleáchais teacht chun cinn i roinnt de na tíortha tearcfhorbartha agus d'fhéadfadh go mbeadh sé seo ina mórbhacainn ar fhás agus ar fhorbairt agus ar fhás geilleagrach a chur chun cinn. D'fhéadfadh an cultúr spleáchais seo an mhian atá ag daoine obair a dhéanamh / a bheith ina bhfiontraithe / méadú a chur ar tháireadh bia intíre a ísliú.<br><br>**Cúnamh a úsáid chun infheistiú a dhéanamh i dtionscadail ardphróifíle**<br>I roinnt de na tíortha tearcfhorbartha, d'fhéadfadh sé go seachnaítear soláthar bonneagair imleor mar aon le scéimeanna draenála agus uiscithe talún, bóithre, tithíocht, monarchana agus saoráidí cumarsáide i bhfabhar tionscadail 'ardphróifíle' a dhéanann díobháil do shaoránaigh.<br><br>**Tá cúnamh airgeadais ceangailte**<br>D'fhéadfadh mórán den chúnamh a bheith 'ceangailte suas' de bharr cúinsí polaitiúla agus trádála seachas de bharr gur gá dó a bheith.<br><br>**Sprioc na Náisiún Aontaithe 0.7% OTN**<br>Tá na cistí a fhaightear i gcúnamh airgeadais neamhimleor le riachtanais na dtíortha tearcfhorbartha a chomhlíonadh. Níor bhain ach sé thír (2017) amach an sprioc a leag na Náisiúin Aontaithe amach sa bhliain 1970. | **2 x 5**<br><br>**30** |

## C7 Trádáil agus Brexit

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| (a) | Is geilleagar beag oscailte é geilleagar na hÉireann agus mar sin braitheann sé ar an trádáil idirnáisiúnta.<br><br>(i) Mínigh an téarma **geilleagar oscailte**.<br>(ii) Luaigh agus mínigh **trí** chúis eacnamaíochta a nglacann Éire páirt sa trádáil. **(24 marc)** | |
| | (i) Mínigh an téarma **geilleagar oscailte**.<br><br>**Míniú:** bíonn sé i mbun trádála, i.e. déanann sé earraí agus seirbhísí a iompórtáil agus a easpórtáil. | **6** |
| | (ii) Luaigh agus mínigh **trí** chúis eacnamaíochta a nglacann Éire páirt sa trádáil.<br><br>**Cruthú post.**<br>Nuair is ann d'easpórtálacha is ann d'éileamh méadaithe ar earraí a táirgeadh in Éirinn, agus bíonn breis fostaíochta ann dá bharr.<br>**Méadú ar an OTN / Fás geilleagrach [buntáiste don tír]**<br>Eascróidh ioncam méadaithe laistigh den tír as an airgead a fhaightear ó easpórtálacha.<br><br>**Díolacháin mhéadaithe [sochar don ghnólacht]**<br>D'fhéadfadh gnólachtaí intíre a gcuid díolachán a mhéadú agus a gcuid brabús a mhéadú trína n-aschur<br>barrachais a easpórtáil ar mhargadh eachtrach.<br><br>**Airgeadraí eachtracha a thuilleamh**<br>Nuair a fhaightear airgeadraí eachtracha is féidir leis sin cur le cúlchistí ár dtíre / an t-airgeadas a chur ar fáil chun cabhrú le híoc as ár gcuid iompórtálacha.<br><br>**Infheistíocht a mhealladh**<br>Feabhsóidh easpórtálacha tréana an mhuinín as an tír agus d'fhéadfaidís cuidiú le hinfheistíocht a mhealladh go hÉirinn.<br><br>**Rogha níos fairsinge le haghaidh tomhaltóirí/caighdeán níos airde maireachtála**<br>Tá rogha i bhfad níos fairsinge d'earraí agus de sheirbhísí ag tomhaltóirí, mar gheall ar an bhfáil atá ar iompórtálacha, e.g. torthaí coimhthíocha; saoirí eachtracha etc.<br><br>**Amhábhar nach bhfuil ar fáil in Éirinn**<br>Níl fáil ar amhábhair áirithe in Éirinn agus ní mór iad a iompórtáil, e.g. ola.<br>Ní oireann aeráid na hÉireann do thorthaí roinnt barr, m.sh. oráistí.<br><br>**Clú feabhsaithe idirnáisiúnta**<br>Cabhróidh earraí agus seirbhísí ar ardchaighdeán a dhíol thar lear le clú na tíre a fheabhsú. | **3 x 6**<br>**(3 + 3)**<br><br>**24** |

<table>
<tr><th>C</th><th>Freagraí féideartha</th><th>Uas Mharc</th></tr>
<tr><td>(b)</td><td>
‘Sa dara ceathrú de 2017, bhí luach €45,537 milliún ar <u>easpórtálacha sofheicthe</u> agus bhí luach €22,178 milliún ar <u>iompórtálacha sofheicthe</u> sa tréimhse chéanna.’<br>(Foinse: POS, 2017)
(i) Mínigh gach ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.<br>
(ii) Ainmnigh sampla amháin d’easpórtáil shofheicthe agus sampla amháin d’iompórtáil shofheicthe i gcás gheilleagar na hÉireann.<br>
(iii) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann más mó na heaspórtálacha ná na hiompórtálacha. (30 marc)
(i) agus (ii)
<table>
<tr><th></th><th>Easpórtálacha sofheicthe</th><th>Iompórtálacha sofheicthe</th></tr>
<tr><td>Míniú</td><td>Díol earraí Éireannacha thar lear / le tomhaltóirí lasmuigh d’Éirinn.</td><td>Ceannach earraí eachtracha ó thar lear/ ag tomhaltóirí Éireannacha.</td></tr>
<tr><td>Sampla</td><td>• Díol mhairteoil na hÉireann thar lear.</td><td>• Ceannach gluaisteán eachtrach.</td></tr>
</table>
(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann más mó na heaspórtálacha ná na hiompórtálacha.
Cruthú fostaíochta<br>Má sháraíonn líon na nEaspórtálacha líon na n-iompórtálacha ciallaíonn sé go bhfuil éileamh ar earraí a thairgtear in Éirinn, as a dtiocfaidh fostaíocht mhéadaithe.
Méadú ar OTN/ Fás geilleagrach<br>Eascróidh ioncam méadaithe laistigh den tír as an airgead a fhaightear ó easpórtálacha (instealladh isteach sa sreabhadh ciorclach).
Infheistíocht a mhealladh<br>Méadóidh easpórtálacha tréana an mhuinín as geilleagar na hÉireann agus d’fhéadfaidís cuidiú le hinfheistíocht bhreise a mhealladh go hÉirinn.
Airgeadas an rialtais<br>Déanfaidh gníomhaíocht gheilleagrach mhéadaithe ioncam cánach méadaithe a ghiniúint don rialtas m.sh. CBL / ÍMAT / Cáin Chorparáideach.
Méadú ar dhíolacháin/ar bhrabúis<br>Má sháraíonn líon na n-easpórtálacha líon na n-iompórtálacha tharlódh sé go gciallódh sé seo go bhféadfadh gnólachtaí intíre a gcuid díolachán/brabús a mhéadú trína mbarrachais a easpórtáil chuig margadh eachtrach / go mbaineann siad tairbhe as barainneachtaí scála anois.
</td><td>2 x 6<br><br>2 x 3<br><br>2 x 6<br><br>30</td></tr>
</table>

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | Tá Brexit le tarlú go foirmiúil i mí an Mhárta 2019. **(21 marc)**<br>(i) Cad a chiallaíonn an téarma Brexit?<br>Ciallaíonn Brexit go bhfágfaidh an Ríocht Aontaithe an AE sa bhliain 2019.<br>(ii) D’fhéadfadh sé go mbeadh ar ghnólachtaí easpórtála in Éirinn déileáil le taraifí agus le cuótaí. Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu. | **8**<br><br>**2 x 3** |

| Taraifí | Cuótaí |
|---|---|
| Cáin í seo ar earraí iompórtáilte. | Is teorainn le cainníocht na n-earraí is féidir a iompórtáil í seo. |

(iii) Luaigh agus mínigh dúshlán eacnamaíochta **amháin**, seachas taraifí agus cuótaí, a d’fhéadfadh a bheith roimh ghnólacht easpórtála Éireannach i ndiaidh Brexit. **1 x 7 (4 + 3)**

**Costais iompair**
Toisc gur oileán í Éire d'fhéadfadh costais nach beag a bheith i gceist agus fágann sé sin go mbíonn ár gcuid earraí níos daoire i margaí eachtracha.

**Riosca ráta malairte**
Má ardaíonn luach an euro i gcoibhneas leis na comhpháirtithe trádála, ansin bíonn easpórtálacha na hÉireann níos daoire agus cruthaíonn sé sin dúshlán nuair a bhíonn gnólachtaí Éireannacha ag iarraidh dul san iomaíocht thar lear.

**Scileanna teanga**
D’fhéadfadh sé gur dúshlán do ghnólachtaí Éireannacha a bheadh san easpa scileanna teanga agus iad ag easpórtáil chuig margaí éiritheacha.

**Maorlathas i dtíortha eile / bacainní rialála**
Déanann na rialacha / bacainní seo níos deacra é do ghnólachtaí Éireannacha easpórtáil a dhéanamh.

**Leibhéal costas níos airde ag teacht ó mhargadh beag Éireannach**
D’fhéadfadh sé nach bhfuil buntáiste na mbarainneachtaí scála ag gnólachtaí Éireannacha i gcomparáid le cuideachtaí ilnáisiúnta móra agus cruthaíonn sé seo deacracht easpórtáil a dhéanamh. Is minic go mbíonn costais eile e.g. costais árachais, leathanbhanda etc. níos airde in Éirinn ná i dtíortha eile na hEorpa – méadaíonn siad sin costais táirgeachta.

**Cumas an ghnólachta**
D’fhéadfadh sé nach mbeadh an cumas cuí ag gnólachtaí na hÉireann freastal ar an éileamh ar a dtáirgí má éiríonn leo conarthaí a bhaint amach.

**Margaí nua a fhorbairt**
Beidh ar ghnólachtaí easpórtála Éireannacha margaí nua a fhorbairt dá n-earraí agus seirbhísí, má chailleann siad margaí sa Ríocht Aontaithe, agus beidh costas breise agus am breise le caitheamh dá barr seo.

**Éiginnteacht**
Is deacair do chomhlachtaí pleanáil don todhchaí toisc nach ndearna an Ríocht Aontaithe nó an Eoraip aon chinntí maidir le todhchaí an AE tar éis Brexit.

**21**

## C8 Fostaíocht, scor agus easpa dídine

<table>
<tr><th>C</th><th>Freagraí féideartha</th><th>Uas Mharc</th></tr>
<tr><td>(a)</td><td>

'Táthar ag súil leis gur 6% nó faoina bhun an ráta dífhostaíochta a bheidh ann in Éirinn faoi dheireadh na bliana.' (Foinse: An Roinn Airgeadais, 2017) (30 marc)

(i) Ainmnigh modh amháin chun an dífhostaíocht in Éirinn a thomhas.

An Beochlár nó An Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh.

(ii) Déan plé ar shlí amháin a bhféadfadh an t-ardú leanúnach san fhostaíocht dul i bhfeidhm ar gach ceann díobh seo a leanas ó thaobh na heacnamaíochta de:

<ul><li>Miondíoltóirí in Éirinn</li><li>Airgeadas an Rialtais</li><li>Comhardú Trádála na hÉireann.</li></ul>

Miondíoltóirí in Éirinn

Brabús/díolacháin Méadaithe<br>Tá níos mó daoine fostaithe rud a fhágann méadú ar chumhacht caithimh. Méadaíonn díolacháin agus méadóidh brabúis freisin.

Fairsingiú<br>D'fhéadfadh miondíoltóirí bheith ábalta fairsingiú / leanúint i mbun táirgeachta / níos mó daoine a fhostú.

Airgeadas an rialtais

Ioncam cánach<br>Tiocfaidh méadú ar ioncam ó cháin ioncaim as fostaíocht mhéadaithe.<br>Tiocfaidh méadú ar CPT má ardaíonn na brabúis Ba chóir go méadódh CBL/dleachtanna máil leis an méadú ar chaiteachas.

Caiteachas ar leas sóisialach<br>Ba chóir go dtiocfadh laghdú ar leas sóisialach má ardaíonn an fhostaíocht

Laghdú ar iasachtaíocht stáit<br>D'fhéadfadh sé go dtitfeadh leibhéal iasachtaíochta an stáit mar thoradh ar an bhfeabhas ar airgeadas an stáit.

Níos lú fadhbanna sóisialta<br>Beidh níos lú acmhainní de dhíth chun dul i ngleic le hiompraíocht fhrithshóisialta de dheasca leadráin nó bochtaineachta / beidh níos lú fadhbanna sláinte amhail dúlagar etc. ann mar go mbeidh daoine níos sona agus iad ag obair.

Comhardú Trádála na hÉireann

Iompórtálacha méadaithe<br>Méadaíonn cumhacht chaithimh agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh ardú teacht ar iompórtálacha earraí tomhaltais.

Iompórtálacha amhábhar<br>D'fhéadfadh gnólachtaí fairsingiú agus d'fhéadfadh go mbeadh iompórtálacha méadaithe amhábhar ag teastáil uathu.

</td><td>

3

3 x 9<br>(5 + 4)

30

</td></tr>
</table>

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| **(b)** | ‘Beidh milliún duine in Éirinn os cionn 65 bliain d’aois faoi 2031 – deir na saineolaithe go bhfuil plean de dhíth orainn’. **(Foinse: *www.thejournal.ie*, Meán Fómhair 2017)**<br><br>Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste do **gach** ceann díobh seo a leanas a bhaineann leis an aois scoir sa tseirbhís phoiblí a shíneadh os cionn 65 bliain:<br>**Fostaithe; An Rialtas. (24 marc)**<br><br>**Fostaithe**<br>**Is féidir leo a bheith páirteach sa lucht saothair ar feadh tréimhse níos faide**<br>De réir mar a chuirtear síneadh leis an aois scoir beidh sé de chumas ansin ag na hoibrithe seo a bheith páirteach sa lucht saothair ar feadh tréimhse níos faide agus cur le gníomhaíochtaí táirgiúla.<br>**Caighdeán níos airde maireachtála**<br>Má bhíonn a n-ioncam níos airde ná an pinsean lena bhfuil siad ag súil feabhsóidh caighdeán maireachtála an oibrí dá réir. Is féidir leo níos mó earraí agus seirbhísí a cheannach.<br><br>**Sástacht agus comhlíonadh pearsanta níos mó**<br>D’fhéadfadh sé cur leis an mothú atá acu go bhfuil cuspóir acu sa saol.<br><br>**An Rialtas**<br>**Níos lú le híoc ar phinsin**<br>De bharr go mbeidh níos lú daoine ag dul ar scor ní bheidh an oiread brú ar an stát pinsin a mhaoiniú.<br><br>**Ioncam chánacha níos mo**<br>De bharr go bhfuil na hioncaim níos airde ná mar a bheadh ag oibrithe ‘níos óige’ a líonfadh na folúntais ba cheart go mbeadh an t-ioncam ó cháin don stát níos airde ansin.<br><br>**Níos lú ganntanas scileanna / úsáid níos fearr as scileanna atá ann cheana**<br>De bharr go bhfanann oibrithe sa lucht oibre níos faide beidh níos lú ganntanas scileanna ann.<br><br>**Laghdú ar chaiteachas agus ar oiliúint earcaithe nua**<br>Má oibríonn fostaithe sa tseirbhís phoiblí go dtí aois 68 beidh níos lú earcaithe nua ag teastáil agus sábhálfaidh an rialtas ar earcú, ar ionduchtú agus ar oiliúint lucht oibre nua. | **4 x 6**<br><br>**24** |

| C | Freagraí féideartha | Uas Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | 'Tháinig méadú eile i mí Mheán Fómhair ar líon na ndaoine gan dídean nuair a bhí 8,374 duine ag lorg cóiríocht éigeandála.' (**Foinse: *The Irish Examiner*, Deireadh Fómhair 2017)** **(21 marc)**<br><br>(i) Tabhair breac-chuntas ar chúis eacnamaíochta **amháin** atá leis an méadú ar líon na ndaoine atá gan dídean.<br><br>**Éileamh níos mó** ar thithíocht mar thoradh ar dhaonra méadaithe.<br><br>**Soláthar laghdaithe tithe (sóisialta):** de bharr gur lú tithe a thógann na húdaráis áitiúla.<br><br>**Fáil laghdaithe ar thithe ar cíos -** ní dóigh le tiarnaí talún go bhfuil brabús le baint as.<br><br>**Cíosanna ag dul in airde:** tá siad níos airde ná forlíonta cíosa an rialtais agus dá bharr sin níl siad inacmhainne.<br><br>**Bochtanas / dífhostaíocht:** níl sé d'acmhainn ag roinnt daoine cíos ard a íoc ar thithíocht in Éirinn.<br>Mar gheall ar **fhiacha arda pearsanta** le linn an chúlaithe, ba dheacair do dhaoine áirithe a Gcuid aisíocaíochtaí morgáiste a íoc.<br><br>**Rialacháin de chuid an Bhainc Ceannais:** a fhágann go gcaithfidh ceannaitheoirí céaduaire 20% den luach ceannaigh a bheith i dtaisce acu a fhágann go bhfuil sé níos deacra a bheith in acmhainn teach a cheannach. | **1 x 7** |
| | (ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bheart eacnamaíochta a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh d'fhonn cuidiú le líon na ndaoine atá gan dídean in Éirinn a laghdú.<br><br>**Cur leis an soláthar tithíochta sóisialta** / d'fhéadfaí tithe oiriúnacha atá faighte ag NAMA a dhíol le húdaráis áitiúla chun tithíocht inacmhainne a chur ar fáil.<br><br>**Tithíocht mhodúlach a chur ar fáil** mar atá i mBaile Átha Cliath faoi láthair.<br><br>**Tithe agus árasáin faoi chláir adhmaid a dheisiú agus a chur ar fáil** ag na húdaráis áitiúla.<br><br>**Cur leis an lóistín éigeandála gearrthréimhseach a sholáthraíonn** na húdaráis áitiúla.<br><br>**Cur leis na fóirdheontais a fhaigheann daoine a bhfuil ioncam íseal acu** / cur leis an liúntas cíosa a íoctar le daoine a fhaigheann leas sóisialta chun go mbeadh sé níos inacmhainne dóibh lóistín a fháil ar cíos.<br><br>**Cáin ar ioncam tógála / ioncam cíosa laghdaithe** chun soláthar na dtithe / na maoine ar cíos a mhéadú.<br>Rialacháin nua a tugadh isteach i mí na Nollag 2015 chun daingneacht tionachta na dtionóntaí a chosaint agus rialachán maidir le méaduithe cíosa.<br><br>**Reachtaíocht a thabhairt isteach** chun na rátaí úis a ghearrann na bainc ar iasachtaithe a laghdú.<br><br>**Infheisteoirí a dhreasú/spreagadh:** Spreagfadh laghdú cánach ar ioncam cíosa níos mó infheisteoirí teacht isteach sa mhargadh cíosa agus mhéadódh an soláthar dá réir. | **2 x 7**<br>**(4 + 3)**<br><br>**21** |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán